**Miontuairiscí Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

**Déardaoin an 2 Meitheamh 2022 ar 11:00**

**An Seomra Boird, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann,**

**4 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 A322**

| | |
|---|---|
| **An Bord** | **I láthair:**<br>Eoin McVey, Cathaoirleach<br>An Dr Marie Bourke<br>An tOll. Maeve Conrick (córas físchomhdhála)<br>John Grenham<br>An Dr Conor Kostick (córas físchomhdhála)<br>An tOll. Ciarán Ó hÓgartaigh (córas físchomhdhála) (Míreanna 6-12)<br>An tOll. Kalpana Shankar (córas físchomhdhála)<br>Caitriona Sharkey (córas físchomhdhála)<br>Jennifer Taaffe (córas físchomhdhála) |
| | **Leithscéalta:**<br>Lisa Grimm<br>Lorelei Harris |
| **An Fhoireann** | **I láthair:**<br>Katherine McSharry, Stiúrthóir Gníomhach (Míreanna 1-11)<br>Susan O'Donnell, Rúnaí Gníomhach (1-11)<br><br>Eoghan Ó Carragáin, Ceannasaí Bailiúchán Digiteach (6-7.3)<br>Kathleen Ruane, Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí (8.1) |
| Nóta: Is éard atá i gceist le (Míreanna 1-11) ná go raibh an duine sin i láthair le haghaidh na míreanna sin sna miontuairiscí. Bhí gach comhalta Boird/ball foirne eile i láthair don chruinniú iomlán. | |

## 1. Leasanna agus ceisteanna nóis imeachta

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam i láthair ar an gcruinniú. Mar fhreagra ar an gceist ón gCathaoirleach, ní raibh

aon choinbhleachtaí leasa le fógairt ag an mBord agus glacadh le clár oibre an chruinnithe.

**Dheimhnigh an Bord go raibh córam ann, ghlac le clár oibre an chruinnithe; dheimhnigh nach raibh aon choinbhleachtaí leasa le fógairt.**

Nóta: Cuireadh na páipéir go léir ar fáil roimh an gcruinniú Boird ach amháin má luaitear a mhalairt.

## 2. Miontuairiscí

### 2.1 Athbhreithniú ar na miontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 10 Feabhra 2022 agus a bhfoilsiú

**Thug an Bord faomhadh le go ndéanfaí píosa amháin eile de na miontuairiscí Boird ón 10 Feabhra 2022 a fholú agus na miontuairiscí sin a fhoilsiú, téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

### 2.2 Dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 7 Aibreán 2022 agus a bhfoilsiú

**D’fhaomh an Bord na dréacht-mhiontuairiscí ón gcruinniú Boird ar an 7 Aibreán 2022 agus foilsiú na miontuairiscí faofa agus téacs folaithe iontu de réir mar is iomchuí.**

## 3. Nithe ag éirí as

Thug an Stiúrthóir Gníomhach achoimre ghearr don Bhord ar thábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as. Rinneadh plé ní ba mhionsonraithe ar na gníomhartha seo a leanas:

Gníomh 19.2.3: Dúirt an Stiúrthóir Gníomhach go raibh obair ar bun chun soláthraí a fháil leis an athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtacht an Bhoird, agus é mar aidhm an t-athbhreithniú a chur i gcrích faoi dheireadh R3 agus tuairisc a chur i láthair don Bhord sa chruinniú Boird i mí Dheireadh Fómhair.

Rúnaí an Bhoird atá i gceannas ar an obair seo agus tá Jennifer Taaffe, comhalta den Bhord, sásta a bheith ar an gCoiste Meastóireachta le soláthraí seirbhíse a roghnú.

Meastar go roghnófar an soláthraí seirbhíse don Athbhreithniú Seachtrach i mí an Mheithimh; is dócha go ndéanfar teagmháil le comhaltaí Boird agus Coistí i Lúnasa agus Meán Fómhair; agus go dtabharfar an Tuairisc don Bhord mar chuid den chruinniú Boird i mí Dheireadh Fómhair.

**Thoiligh an Bord go dtabharfaí a sonraí teagmhála don soláthraí seirbhíse a bheidh ag tabhairt faoin Athbhreithniú Seachtrach ar Éifeachtacht an Bhoird.**

Gníomh 20.2.5: Luaigh an Stiúrthóir Gníomhach go bhfuil na miontuairiscí Boird do 2021 foilsithe ar líne agus go ndéanfar na miontuairiscí Boird don 10 Feabhra 2022 agus don 7 Aibreán 2022 a fhoilsiú sna laethanta atá le teacht agus iad faofa mar chuid den chruinniú seo. Cuirfear críoch leis an mír seo ansin.

Gníomh 2021.2.2: I dtaca leis an rialachas don Chlár Forbartha Caipitil, beidh cruinniú ag an Stiúrthóir Gníomhach leis an gCeannasaí Eastát agus Ceannasaí Airgeadais sa tseachtain atá le teacht chun plé a dhéanamh ar an Meabhrán Tuisceana a ndearnadh athbhreithniú air ar na mallaibh agus tabharfar tuairisc chun dáta don Bhord sa chéad chruinniú Boird eile i mí Lúnasa.

Gníomh 2021.5.1: I dtaca le bearta chun go bhféadfaidh an Bord forbairt níos mó a dhéanamh ar mhaoirseacht agus éifeachtacht, mhol an Stiúrthóir Gníomhach gur chóir an mhír seo a chur i gcrích toisc go bhfuil Athbhreithniú Seachtrach le teacht ar Éifeachtacht an Bhoird.

**Thoiligh an Bord Gníomh 2021.5.1 a chur i gcrích, is é sin 'An Bord le plé a dhéanamh ar na bearta a bheadh oiriúnach lena mhaoirseacht agus éifeachtacht a fhorbairt níos mó' mar gheall ar an Athbhreithniú Seachtrach beartaithe ar Éifeachtacht an Bhoird.**

Gníomh 2022.1.1: Thug an Stiúrthóir Gníomhach ar aire go raibh an mhír seo maidir le hearcaíocht an Stiúrthóra roimhe seo tugtha chun deiridh.

Gníomh 2022.1.2: Thug an Stiúrthóir Gníomhach ar aire go bhfuil an mhír seo maidir le soláthraí leabhar atá lonnaithe sa Ríocht Aontaithe a roghnú mar sholáthraí do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) tugtha chun deiridh anois.

**Thug an Bord tábla gníomhaíochta na nithe ag éirí as ar aire.**

## 4. Tuairisc an Stiúrthóra Ghníomhaigh

Thug an Stiúrthóir Gníomhach faisnéisiú don Bhord mar seo a leanas:

- Tionscadal Forbartha Caipitil: Tá an chéad chéim eile den cháipéisíocht a theastaíonn chun dul chun cinn a dhéanamh ar na ceaduithe costais don tionscadal forbartha caipitil faighte ón RTCEGSM. Cuirfidh LNÉ tairiscint amach i mí an Mheithimh, faoi réir faomhadh ón RTCEGSM, le haghaidh na seirbhísí sainchomhairleoireachta eacnamaíocha a theastaíonn leis an gcáipéisíocht a chur i gcrích.

  Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dúirt an Stiúrthóir Gníomhach go bhfuil tús áite tugtha don phróiseas tairisceana agus, mar sin, go bhfuil sé beartaithe é a chur i gcrích i Meán Fómhair 2022.

- Acmhainní Daonna: Tá earcaíocht ar bun do phoist sa Rannóg Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe, agus sna Bailiúcháin Dhigiteacha. Tá ceadanna don chuid is mó de na poist faofa ag an RTCEGSM faoin am seo agus meastar go bhfaighfear cead gan mhoill don fholúntas iarmhartach atá ann don ról mar Cheannasaí Gníomhach Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe.

- Oibríochtaí in aimsir Covid-19: Ón 3 Bealtaine ar aghaidh, tugadh an oscailt oíche ar ais le go bhféadfaí taighde a dhéanamh sa phríomhsheomra léitheoireachta agus sna seomraí léitheoireachta micreascannáin agus lámhscríbhinní. Is féidir le léitheoirí na seomraí léitheoireachta a úsáid go dtí 7pm ar an Máirt agus ar an gCéadaoin. Ón 28 Bealtaine ar aghaidh, bíonn an príomhfhoirgneamh ar Shráid Chill Dara ar oscailt arís ag an deireadh seachtaine, idir 9.30am agus 5pm ar an Satharn agus ar an Domhnach.

- Nochtadh- 3.5 Forbairt a dhéanamh ar an gcumarsáid a dhéanaimid ar ardáin éagsúla, láithreán gréasáin iomlán dátheangach mar chuid de sin, le gach rud atá ar fáil sa Leabharlann Náisiúnta a nochtadh:

  > Beidh an tionscadal le láithreán gréasáin nua dátheangach iomlán inrochtana a chruthú don Leabharlann Náisiúnta ar bun i rith R3 agus tá seoladh ciúin beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair 2022.

- Caidreamh - 4.1 Fáilte a chur roimh gach duine sa Leabharlann Náisiúnta agus iad a bheith rannpháirteach:

  Tá samhail nua Lego den Leabharlann Náisiúnta a rinneadh thar thréimhse cúig bliana ar taispeáint san fhorhalla faoi láthair, slí le fáilte neamhfhoirmiúil a chur roimh gach cuairteoir. Tá na céadta tar éis cuairt a thabhairt le laethanta anuas. Tá clúdach suntasach faighte sna meáin agus aird go leor tugtha ar na meáin shóisialta.

- Bailiú - 1.5 Leanúint ar aghaidh leis an obair chun taifead foilsithe agus stairiúil an náisiúin a bhailiú, ábhar leictreonach taisce dlíthiúla a chur leis chomh maith le fearann iomlán ghréasán na hÉireann má cheadaítear a leithéid de réir na reachtaíochta:

  Mar fhreagra ar cheist ón mBord maidir le liosta de gach saothar faighte atá ag LNÉ a chur ar fáil don phobal, thug an Stiúrthóir Gníomhach le fios go bhfuil sé beartaithe píosaí fadfhoirme a fhoilsiú faoi na bailiúcháin, sealbhúcháin san áireamh, ar an rannóg Nuacht agus Eolas ar an láithreán gréasáin nua.

**Rinne an Bord an fhormáid mholta nua do Thuairisc an Stiúrthóra Ghníomhaigh don Bhord a fhaomhadh, bunaithe ar na príomhchuspóirí ó Straitéis 2022-2026 agus béim ar leith ar shealbhúcháin nua a lua.**

**Thug an Bord tuairisc an Stiúrthóra Ghníomhaigh ar aire.**

## 5. Tuairisc chun dáta ar Scaipeadh na Straitéise

**Thug an Bord an tuairisc chun dáta maidir le seoladh Straitéis 2022-2026 LNÉ ar aire; an cur chuige, amlíne agus for-rochtain san áireamh.**

**Thug an Bord aitheantas don mhéid a chuir an tIar-Stiúrthóir, an Dr Sandra Collins, na comhaltaí Boird agus baill foirne na Leabharlainne le forbairt na Straitéise nuaí.**

## 6. Cur i láthair: Buntreoir do na Bailiúcháin Dhigiteacha

Thug Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach, Eoghan Ó Carragáin, cur i láthair don bhord inar tugadh buntreoir do rannóg na

mBailiúchán Digiteach. Dúirt Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach go bhfuil sainchúram ar an rannóg a bhaineann leis an eagraíocht ar fad le bailiúcháin dhigiteacha LNÉ a fhás, a bhainistiú agus a chaomhnú agus le forbairt a dhéanamh ar chórais fothacaíochta LNÉ agus ar bhonneagar teicniúil lárnach na leabharlainne.

Tugadh forléargas sa chur i láthair ar fhoireann ildisciplíneach na rannóige agus ar na cúig ghné d’obair na rannóige: Bonneagar agus Oibríochtaí TFC, Córais Dhigiteacha Leabharlainne, an Clár Digitithe, Clár Cartlannaithe Gréasáin agus Cartlanna Digitghinte.

Tá sé beartaithe ag na Bailiúcháin Dhigiteacha obair a dhéanamh in 2022 ar an mbonneagar agus ar na córais theicniúla lárnacha, lena n-áirítear seirbhís nua WiFi a fháil agus tríú páirtí a fháil le hathbhreithniú cibearshlándála a dhéanamh. I measc na bpleananna atá ann do 2022 tá Creat nua Soláthair le haghaidh Cartlannú Gréasáin, plé le príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an reachtaíocht um Chartlannú Gréasáin agus déanfar forbairt leanúnach ar na Príomhchórais Dhigiteacha sa Leabharlann. Tá an Digitiú ar bun ar ráta fíormhaith go dtí seo, ainneoin na leibhéal acmhainní faoi láthair, agus tá Grúpa Stiúrtha agus Grúpa Oibríochtaí curtha ar bun i gcomhréir leis an gcuspóir i Straitéis 2022-2026 an obair dhigitithe a neartú agus a mhéadú.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord faoin ngrád ceannaireachta atá i mBonneagar agus Oibríochtaí TFC, thug an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach le fios gur líonadh ról an AOF le gairid agus go bhféadfaí ról CC1 a mheas nuair a bheifear i mbun pleanála amach anseo.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord maidir le Treoirthionscadail Dhigitghinte agus an ról atá ag sonraí in LNÉ, dúirt Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach go bhfuil méadú tagtha le gairid ar iarratais tionscadail ar LNÉ agus go mbíonn tarraingt go ginearálta ann ar rochtain ar shonraí poiblí bunaithe ar phrionsabail FAIR (prionsabail na so-aimsitheachta, na hinrochtaineachta, na hidir-inoibritheachta agus na hin-athúsáideachta).

Mar fhreagra ar cheist ón mBord faoin reachtaíocht maidir le cóipcheart, dúirt Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach go bhfuil an rannóg ag obair ar straitéis rannpháirtíochta do pháirtithe leasmhara chun dul chun cinn a dhéanamh ar chuspóir straitéiseach seanbhunaithe atá ag an LNÉ sainordú dlí a fháil chun an fearann iomlán .ie a chnuaschóipeáil go rialta.

Maidir le rochtain ar na catalóga, dúirt Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach go mbeidh rannóg ar an láithreán gréasáin dar teideal 'Scéalta', áit a mbeidh LNÉ in ann béim a leagan ar shealbhúcháin faoi leith agus ar mhíreanna sna bailiúcháin náisiúnta.

Thug Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach le fios go bhfuil próiseas lárnach digitithe forbartha ag LNÉ, caoi iontaofa a gcuirtear éagsúlacht ábhair go leor ar fáil. Táthar ag meas modhanna eile le ráta an digitithe a mhéadú níos mó ná an próiseas lárnach seo, comhpháirtíochtaí ina measc.

Chuir Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach in iúl go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh san obair chun bailiúchán de ghrianghraif dhigiteacha a fháil.

**Thug an Bord an cur i láthair a thug Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach ar aire inar tugadh buntreoir do na Bailiúcháin Dhigiteacha.**

Bhí an cur i láthair le cur chuig an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

## 7. Cásanna gnó

### 7.1 Bailiúcháin Dhigiteacha: Tairiscint chun seirbhís nua WiFi a chur isteach

Luaigh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach gur suiteáladh an bonneagar reatha WiFi in LNÉ isteach in 2011. Moltar do LNÉ soláthar nua WiFi a chur isteach anois.

**Thoiligh an Bord cead a thabhairt do LNÉ iarraidh bhreise ar thairiscint (SRFT) a eisiúint faoi Chreat Réiteach Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais (ITC013F) chun an trealamh riachtanach a fháil chun nascadh le Réiteach Gréasáin an Rialtais chomh maith leis an riachtanas bliantúil cothabhála a bhaineann leis an trealamh sin.** [redacted]

### 7.2 Bailiúcháin Dhigiteacha: Tairiscint le haghaidh Creat Cartlannaithe Gréasáin

**Chomhaontaigh an Bord go n-úsáidfí iarratas oscailte ar thairiscintí AE le cuireadh chun tairisceana a eisiúint le go mbeadh LNÉ in ann Creat Seirbhísí Cartlannaithe Gréasáin páirtí aonair a chur ar bun a mhairfeadh ceithre bliana a gcuirfí tús leis i nDeireadh Fómhair 2022** [redacted]

Thug an Bord ar aire gur Creat Páirtí Aonair a bheidh anseo, go socrófar conarthaí ar feadh bliana agus go ndéanfar téarmaí a chomhaontú gach bliain tionscadal ar thionscadal. Cuirfear cásanna gnó le haghaidh gach tionscadail faoi bhráid an Bhoird lena bhfaomhadh i gcomhréir leis na gnáth-theorainneacha um fhaomhadh.

[redacted]

### 7.3 Bailiúcháin Dhigiteacha: Tairiscint le haghaidh Seirbhísí Digitithe

**Thug an Bord faomhadh do LNÉ iarraidh ar mhionthairiscint ó Chreat Digitithe 2018 a eisiúint chun oibreoirí digitithe a fháil do 2022 agus an rogha ann síneadh go 2023 a chur leis an gconradh.** [redacted]

### 7.4 Bailiúcháin Speisialta: Tairiscint le haghaidh Creat Bainistíochta Bailiúchán

**Thug an Bord faomhadh do LNÉ nósanna imeachta poiblí Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach a úsáid le cuireadh chun tairisceana a eisiúint chun duine a cheapadh faoi Chreat LNÉ le haghaidh Seirbhísí Bainistíochta Bailiúchán ar feadh ceithre bliana, 2022-2026.**

[redacted]

### 7.5 Láithreán gréasáin: Tairiscint ar Sheirbhísí Aistriúcháin

Luaigh an Stiúrthóir Gníomhach go bhfuiltear ag féachaint san iarraidh seo ar thairiscintí seirbhísí aistriúcháin a fháil don eagraíocht iomlán ar feadh bliana agus an deis ann bliain eile a chur leis sin más gá.

Mar fhreagra ar cheist ón mBord, dheimhnigh an Stiúrthóir Gníomhach go bhfuiltear i ndiaidh aistriúchán go teangacha eile a mheas. Tá sé i gceist ag LNÉ an creat náisiúnta le haghaidh seirbhísí aistriúcháin a úsáid nuair a bheidh sé ar bun. Beidh an creat reatha mar chuid den chreat sin, agus tógfar ón gcreat reatha sa chreat nua.

**Thug an Bord ar aire gur chóir seirbhísí uathoibríocha ardchruinnis aistriúcháin a mheas, taobh le hathbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta déanta ag duine,nuair a bheidh an chéad iarraidh eile ar thairiscintí á hullmhú le haghaidh Seirbhísí Aistriúcháin.**

**Mhol an Bord gur chóir aistriúchán go teangacha eile a mheas agus an chéad iarraidh eile ar thairiscint á hullmhú.**

**Thug an Bord faomhadh do LNÉ leanúint ar aghaidh agus iarraidh náisiúnta a oscailt ar thairiscint le haghaidh seirbhísí aistriúcháin. Iarraidh ar thairiscint bliana atá ann agus an rogha ann bliain eile a chur leis sin.**

## 8. Gnóthaí Corparáideacha

### 8.1 Cúrsaí Airgeadais: Cuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Márta 2022

Chuir an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí na Cuntais Bhainistíochta ó R1 2022 i láthair lena bhfaomhadh.

Luaigh an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí go bhfuil an t-ioncam agus caiteachas gar don bhuiséad. Dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí go mbeadh tionchar ag sceideal na gceadanna earcaíochta ar LNÉ a bheith in ann úsáid iomlán a bhaint as an leithdháileadh reatha pá do 2022. Mar sin féin, bhí na ceadanna go léir nach mór faighte faoin am seo agus táthar ag dúil leis an gcead deireanach a fháil go luath.

Dúirt Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) go ndearna an Coiste plé ar an gceist seo mar chuid dá chruinniú ar an 18 Bealtaine 2022 agus nach raibh aon ghníomh eile ag teastáil ó tharla go bhfuarthas nach mór na ceadanna go léir ó bhí cruinniú ag an CIR i mí na Bealtaine.

Mar fhreagra ar cheisteanna ón mBord, dúirt an Stiúrthóir Gníomhach go meastar go líonfar na róil idir mí agus sé mhí as seo; agus dúirt an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca go mbeadh an gannchaitheamh measta ar fáil don Bhord lena athbhreithniú sa chéad chruinniú Boird eile.

Thug an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Bainistíochta Rioscaí le fios go bhfuiltear tar éis conradh nua a chomhaontú chun síneadh le saoire mháithreachais a chlúdach don AOF Airgeadais go dtí Deireadh Fómhair 2022.

**Rinne an Bord na dréachtchuntais bhainistíochta don bhliain go dtí an 31 Márta 2022 a fhaomhadh.**

**8.2 Eastáit: Ráiteas Sábháilteachta LNÉ**

Thug an Stiúrthóir Gníomhach ar aire go gcuireann an Rannóg Eastát Ráiteas agus Beartas Sábháilteachta LNÉ faoi bhráid an Bhoird lena fhaomhadh gach bliain.

Ar na leasuithe is tábhachtaí a rinneadh ar an Ráiteas Sábháilteachta in 2022 tá na cinn seo:

- Ainmneacha agus róil a thabhairt chun dáta;

- Tá an t-eolas ar COVID-19 leasaithe chun teacht leis an laghdú ar shrianta le bliain;
- Tá roinn nua curtha isteach anois le heolas a thabhairt faoin gcóras sochta dóiteáin sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta;
- Gnéithe den Bheartas um Obair Chumaisc a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht;
- Cuireadh roinn isteach a bhaineann le Taispeántais, Scannánaíocht agus Imeachtaí, clúdach árachais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus an t-árachas a éilítear ar eagraíochtaí 3ú Páirtí atá ag obair ar imeachtaí; agus
- An Seomra Folláine nua don Fhoireann agus treoirlínte a bhaineann leis.

**Thug an Bord faomhadh do Ráiteas cuimsithe uasdátaithe Sábháilteachta LNÉ, don Bheartas Sábháilteachta agus do Chlár na bhFreagrachtaí mar a shanntar iad sa Ráiteas Sábháilteachta.**

## 9. Coistí an Bhoird

### 9.1 An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: Tuairisc ón 18 Bealtaine 2022 agus miontuairiscí ón 23 Márta 2022

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) faisnéisiú don Bhord maidir le cruinniú an Choiste sin ar an 18 Bealtaine 2022.

Dúirt Cathaoirleach an CIR go ndearna an Coiste plé ar sceideal na gceadanna earcaíochta agus go raibh plé déanta ag an mBord faoin gceist sin i Mír 8.1 thuas.

Phléigh an CIR catagóiriú costas sainchomhairleoireachta fosta; pléadh tús na hIniúchóireachta Inmheánaí ar Bhailiúcháin; agus tá sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar Dhréacht 2 de na Ráitis Airgeadais i gcruinniú an choiste i mí Iúil.

Ghabh Cathaoirleach an CIR buíochas le Teresa Harrington as cur go mór go leanúnach le hobair an Choiste.

**Thug an Bord an dá rud ar aire, is iad sin tuairisc Chathaoirleach an Choiste ar chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 18 Bealtaine 2022;**

**agus na miontuairiscí faofa ó chruinniú an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 23 Márta 2022.**

**9.2 An Coiste um Ghinealas agus Araltas**

Dúirt Cathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas go raibh an chéad chruinniú eile den choiste le bheith ann i mí an Mheithimh agus go dtabharfadh an Ceannasaí Bailiúchán Digiteach cur i láthair ann.

Luaigh an Cathaoirleach go raibh seans ann go gcuirfí Fochoiste um Ghinealas ar bun.

**Thug an Bord ar aire nach mbeadh an bheirt chomhaltaí Boird den Choiste ar fáil don chéad chruinniú eile.**

**Thug an Bord an tuairisc ó Chathaoirleach an Choiste um Ghinealas agus Araltas ar aire.**

**9.3 An Coiste Comhairleach Léitheoirí: Tuairisc ón 26 Aibreán 2022**

**Thug an Bord ar aire gur cuireadh siar an tuairisc ar an gcruinniú a bhí ag an gCoiste Comhairleach Léitheoirí ar an 26 Aibreán ós rud é go raibh leithscéal tugtha ag Cathaoirleach an Choiste faoi gan bheith i láthair.**

**10. An chéad chruinniú Boird eile: Déardaoin an 4 Lúnasa 2022, 11:00**

**Thug an Bord ar aire go mbeadh an chéad chruinniú eile ann Déardaoin an 4 Nollaig 2022 ar 11:00.**

**11. Aon Ghnó Eile**

**11.1 Nuashonruithe meán do Bhord LNÉ**

**Thoiligh an Bord go bhféadfaí a sonraí teagmhála a thabhairt do sholáthraithe nuashonruithe meán Onclusive.**

Luaigh comhaltaí den Bhord go raibh deacrachtaí éigin ann teacht ar an tseirbhís agus iarradh orthu cásanna mar sin a thuairisciú d’Oifig an Stiúrthóra.

## 12. Am Príobháideach

Thug an Cathaoirleach tuairisc chun dáta don Bhord maidir le Stiúrthóir nua a earcú.

**Chuir an Cathaoirleach deireadh leis an gcruinniú.**